



Ceisteanna Coitianta maidir le maisc/cumhdaigh aghaidhe i mbunscoileanna

Tá sé molta ag Sláinte Phoiblí go gcaithfeadh daltaí ón tríú rang go dtí an séú rang masc/cumhdach aghaidhe agus iad ag freastal ar an mbunscoil.

1) Cén chomhairle sláinte poiblí atá athraithe i mbunscoileanna i dtaca le maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh?

Tá sé molta ag an bhFoireann Náisiúnta um Éigeandáil sa tSláinte Phoiblí (NPHE) go mbeadh maisc/cumhdaigh aghaidhe á gcaitheamh ag leanaí sa tríú rang agus os a chionn i mbunscoileanna. Is mar fhreagairt don líon ard cásanna i leanaí bunscoile atá níos sine atá an beart seo á dhéanamh agus mheas NPHE go raibh sé i gcomhréir leis an leibhéal riosca ó COVID-19 faoi láthair. Tá sé curtha in iúl acu go bhfuil an beart sin á thabhairt isteach ar bhonn sealadach agus go mbeidh athbhreithniú á dhéanamh air i lár mhí Feabhra 2022.

Tá sé molta ag NPHE freisin go mbeadh maisc/cumhdaigh aghaidhe á gcaitheamh ag leanaí atá naoi mbliana d'aois agus os a chionn ar iompar poiblí, in ionaid mhiondíola agus i suíomhanna poiblí faoi dhíon faoi mar a éilítear cheana féin i gcás leanaí atá trí bliana déag d'aois nó os a chionn.

I ndiaidh don Rialtas a chinneadh go nglacfaí le moladh NPHE, d'eisigh an tIonad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) treoir nuashonraithe eatramhach maidir le húsáid cumhdach aghaidhe i suíomhanna cúraim leanaí agus oideachais faoi mar atá leagtha amach sa nasc thíos:

<https://www.gov.ie/en/publication/1f9ba-interim-guidance-on-the-use-of-face-coverings-in-childcare-and-educational-settings/>

Ghlac an pobal scoile leis go forleathan le linn na paidéime domhanda go gcuirtear bearta sláinte poiblí i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht phobal uile na scoile a chosaint, go bhfuil siad ag teacht leis an bpolasaí sláinte náisiúnta atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas agus gur cheart cloí leo.

Is beart sláinte poiblí sealadach é seo ar mhaithe le leanaí agus foirne scoile agus pobal na scoile a chosaint. Le linn na paidéime, tá leas bainte ag an earnáil oideachais as saineolas sláinte poiblí ar bhonn leanúnach ar mhaithe le pobal uile na scoile a chosaint.

2) Cad é an nós imeachta má thagann leanbh i láthair gan masc/cumhdach aghaidhe?

I gcás go dtagann fadhbanna chun cinn, rachaidh scoileanna i mbun plé go praiticiúil agus go tuisceanach le tuismitheoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar aon deacrachtaí ar leith atá ag leanbh aonair.

Tríd is tríd, glacann pobal na scoile leis gur cheart cloí le rialacha a chuirtear i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht phobal uile na scoile a chosaint. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh na cúiseanna sláinte poiblí atá le masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh a chur in iúl go soiléir.

Tugann maisc/cumhdaigh aghaidhe cosaint do na daoine atá á gcaitheamh agus do dhaoine eile thart orthu. Tá maisc/cumhdaigh aghaidhe éadaigh níos éifeachtaí ná scáthláin. Sna cásanna teoranta nach féidir masc/cumhdach aghaidhe éadaigh a chaitheamh d'fhéadfaí smaoineamh ar scáthláin thrédhearcacha a úsáid.

Spreagtar tuismitheoirí chun oibriú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar leis na scoileanna ar mhaithe le sábháilteacht phobal uile na scoile a chinntiú.

Nuair atá an beart sláinte poiblí á fheidhmiú, níl sé i gceist go ndéanfaidh an scoil aon leanbh a eisiáimh i dtús báire.

Ba cheart go mbeadh plé atá dírithe ar réiteach a fháil idir an scoil agus tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh ar mhaithe le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil le scoileanna le treoir agus tacaíocht a thairiscint dóibh chun tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas agus chun cuidiú le scoileanna aon fhadhbanna a réiteach. I gcás nach ndéantar fadhbanna suntasacha a réiteach go háitiúil, ba cheart teagmháil a dhéanamh le tacaíocht COVID-19 na Roinne ar ríomhphost ag Covid19_alert@education.gov.ie nó ar an bhfón ag 057 9324461 agus tabharfaidh Cigire tuilleadh tacaíochta.

Cuireadh na bearta sin i bhfeidhm go rathúil in iar-bhunscoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith agus táthar ag súil go bhfeidhmeoidh siad go rathúil i suíomh na bunscoile le tacaíocht ó phobail na scoile.

3) An gá do leanaí a bhféadfadh deacracht a bheith acu masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh teastas dochtúra a bheith acu?

Tá na catagóirí leanaí seo a leanas díolmhaithe ó mhaisc/chumhdaigh aghaidhe a chaitheamh ar chúiseanna leighis; i measc na gcatagóirí tá:

- dalta ar bith a bhfuil deacracht anáilaithe nó fadhbanna leighis ábhartha eile aige nó aici
- dalta ar bith nach bhfuil ábalta an masc/cumhdach aghaidhe éadaigh nó an scáthlán a bhaint de/di gan cúnamh a fháil
- dalta ar bith a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici agus a d'fhéadfadh a bheith trí chéile nó an-mhíchompordach agus an masc/cumhdach aghaidhe éadaigh nó an scáthlán á chaitheamh aige/aici, mar shampla daltaí atá faoi mhíchumas intleachtúil nó forbartha, a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, fadhbanna céadfacha nó mothálacht thadhhlach ag cur as dóibh.

Ba cheart a lua freisin nuair is eol do scoil tar éis dul i gcomhairle leis an tuismitheoir/gcaomhnóir nach bhfuil caitheamh maisc **oiriúnach** de bharr riachtanais an linbh, níl gá le teastas dochtúra.

4) An gá go mbeadh socruithe coigeartaithe chun léamh beola a éascú i bhfeidhm do dhaltáí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh?

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí daltaí atá ag brath ar léamh beola mar mhodh cumarsáide a éascú. Mar shampla, ba cheart smaoineamh ar scáthlín a úsáid nuair a chuireann maisc/cumhdaigh aghaidhe bac ar dhaltáí a bhfuil lagú éisteachta ag cur as dóibh cumarsáid a dhéanamh. Iarrtar ar scoileanna a mbreithiúnas a úsáid i gcásanna den chineál sin.

5) An bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh foireann uile na scoile na bearta nua?

Táthar. Sonraítear sa Phlean um Fhreagairt do Covid-19 a eisíodh chuig scoileanna i mí Lúnasa 2021 go bhfuil sé de dhualgas ar fhoireann scoile eolas a chur ar chomhairle nuashonraithe ó na húdaráis sláinte poiblí agus í a chomhlíonadh.

Maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh – treoir don dea-chleachtas

6) Ar cheart go mbeadh sosanna ó chaitheamh masc/cumhdach aghaidhe ag daltaí?

Aithnítear gur féidir le caitheamh maisc/cumhdaigh aghaidhe ar feadh tréimhsí fada a bheith dúshlánach do leanaí óga. Moltar do scoileanna sosanna rialta a shocrú agus deis a thabhairt do leanaí sos a ghlacadh taobh amuigh nuair is féidir.

7) An gá do dhaltáí maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh nuair atá siad taobh amuigh?

Ní gá, ní gá do dhaltáí maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh taobh amuigh.

8) Ar cheart do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag suí ag a ndeasca don lón nó nuair atá deoch á ól acu le linn an ranga?

Ní gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh nuair atá a lón á ithe acu ag a ndeasca nó nuair atá deoch á ól acu le linn an ranga.

9) Cad atá le déanamh i gcás ranganna measctha (an tríú rang agus an dara rang)?

Nuair atá ranganna measctha agus nuair atá daltaí ón tríú rang agus ón dara rang nó ó rang níos ísle sa rang, ní gá ach do dhaltaí atá sa tríú rang maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh.

10) Cad atá le déanamh i gcás leanaí a úsáideann iompar scoile?

Baineann an treoir thuas freisin le daltaí ón tríú rang agus ó ranganna níos airde ar an gcóras iompair scoile. Ní gá do leanaí ar lompair Riachtanas Speisialta Oideachais (SEN) san aoisghrúpa seo maisc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh ach tá sé de rogha acu sin a dhéanamh, má tá sé sábháilte agus compordach é a chaitheamh.

11) In ainneoin go bhfuil sé riachtanach maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh, cén phríomhtheachtairacht atá á tabhairt chun scoileanna a choinneáil slán?

Fíú má tá maisc/cumhdach aghaidhe á chaitheamh, ní chuireann sé sin teachtaireacht atá fíorthábhachtach ar neamhní – is é sin nár cheart do leanaí a bhfuil comharthaí á léiriú acu freastal ar an scoil.

Maisc/cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh le linn rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí scoile

12) An gá do dhaltaí maisc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad i mbun Corpoideachais?

Ní gá, ní gá do dhaltaí maisc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad rannpháirteach sa chorpoideachas. Ba cheart go mbeadh an corpoideachas ar siúl taobh amuigh má tá an aimsir oiriúnach. Ba cheart go mbeadh spásanna faoi dhíon aeráilte go maith.

13) An gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag imirt spóirt?

Ní gá, ní gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag imirt spóirt.

14) An gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag canadh?

Ní gá, ní gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag canadh. Ba cheart go bhfanfadh daltaí ina bhfaighneoga agus go mbeidís scartha go sóisialta agus iad ag canadh. Ba cheart go mbeadh an spás aeráilte go maith.

15) An gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus uirlis cheoil á seinm acu?

Ní gá, ní gá do dhaltáí masc/cumhdach aghaidhe a chaitheamh agus uirlis cheoil á seinm acu. Ba cheart go bhfanfadh daltaí ina bhfaighneoga agus go mbeidís scartha go sóisialta agus iad páirteach sa ghníomhaíocht sin. Ba cheart go mbeadh an spás aeráilte go maith.